Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

# COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN

## CEANTAR BARDASACH MHUINEACHÁIN

## NA FODHLÍTHE CORRTHRÁDÁLA (RIALÚ AGUS AINMNIÚ), 2025

**Arna ndéanamh de bhun an Achta Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú) agus na gcumhachtaí reachtúla cumasúcháin uile eile**

## CLÁR ÁBHAR


| Roinn | Cuid 1 | Leathanach |
|---|---|---|
| 1. | Na Fodhlíthe Corrthrádála (Rialú agus Ainmniú), 2025 | 3 |
| 2. | Lua | 3 |
| 3. | Limistéar Feidhme | 3 |
| 4. | Dáta Tosaithe | 4 |
| 5. | Cúlghairm | 4 |
| 6. | Idirthréimhse | 4 |
| 7. | Léiriú | 5 |
| | Cuid 2 | |
| 8. | Ainmniú Limistéir nó Limistéar chun críoch Corrthrádála agus Áiteanna Trádála | 7 |
| 9. | Ceadúnas nó Ceadúnais Chorrthrádála le haghaidh Limistéir Chorrthrádála | 7 |
| 10. | Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais | 9 |
| 11. | Forálacha Ginearálta i ndáil le Corrthrádáil | 10 |
| 12. | Ró-éileamh ar Cheadúnas Corrthrádála | 14 |
| 13. | Cúlghairm Ceadúnais Corrthrádála | 14 |
| 14. | Bruscar | 15 |
| 15. | Cionta agus Pionóis | 15 |
| | Sceideal 1<br>Léarscáileanna de Limistéar nó Limistéir Chorrthrádála | |
| | Sceideal 2<br>Táillí Ceadúnais Corrthrádála | |

# CUID 1

## 1. Na Fodhlíthe Corrthrádála (Rialú agus Ainmniú), 2025

**1.1.** Maidir le Comhaltaí Cheantar Bardasach Mhuineacháin, Comhairle Contae Mhuineacháin (dá ngairtear "**an Chomhairle**" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le forálacha, *inter alia*, alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú) agus na gcumhachtaí reachtúla cumasúcháin uile eile, lena n-áirítear forálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú), déanann siad leis seo na Fodhlíthe seo a leanas i ndáil le Corrthrádáil a riar, a rialú, a rialáil agus maoirseacht a dhéanamh uirthi le haghaidh limistéar riaracháin agus feidhmiúil Cheantar Bardasach Mhuineacháin.

**1.2.** Ar fhorálacha na bhFodhlíthe seo, áirítear na forálacha teagmhasacha, cúnta agus coimhdeacha a mheasann an Chomhairle is gá agus is caoithiúil chun críocha an chéanna.

**1.3.** Chun críocha na bhFodhlíthe laistigh, agus cinneadh á dhéanamh maidir le talamh a ainmniú mar Limistéar Corrthrádála, i gcomhréir le halt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú), thug an Chomhairle aird, *inter alia*, ar an méid seo: pleanáil agus forbairt chuí a limistéir fheidhmiúil (*lena n-áirítear caomhnú agus feabhsú shaoráidí an chéanna*); an Plean Forbartha dá limistéar feidhmiúil; an trácht is dóigh a ghinfear leis an gcorrthrádáil sa limistéar corrthrádála; agus gach ábhar eile a mheasann sí atá ábhartha maidir lena cinneadh.

**1.4.** Rinneadh na Fodhlíthe laistigh de bhun fhorálacha an Achta Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú) agus i gcomhréir leo sin.

**1.5.** Leis na Fodhlíthe laistigh, tugadh aird ar na Treoirlínte Aireachta ábhartha arna n-eisiúint ag an Aire ábhartha chun críocha alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú).

## 2. Lua

**2.1.** Féadfar na Fodhlíthe seo a lua mar na Fodhlíthe Corrthrádála (Rialú agus Ainmniú), 2025.

## 3. Limistéar Feidhme

**3.1.** Tá feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir le limistéar riaracháin agus feidhmiúil na Comhairle – Ceantar Bardasach Mhuineacháin.

4. **<u>Dáta Tosaithe</u>**

**4.1.** Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 23ú lá de mhí Iúil 2025.

5. **<u>Cúlghairm</u>**

**5.1.** Ach amháin mar a fhéadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo (*ag Alt 6*), déantar Fodhlíthe Corrthrádála Chomhairle Baile Mhuineacháin (Rialú agus Tuairisc), 2008 a chúlghairm leis seo amhail ar Dháta Tosaithe na bhFodhlíthe seo agus uaidh sin.

**5.2.** Ach amháin mar a fhéadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo (*ag Alt 6*), déantar Fodhlíthe Corrthrádála Chomhairle Baile Mhuineacháin, 2012 a chúlghairm leis seo amhail ar Dháta Tosaithe na bhFodhlíthe agus uaidh sin.

**5.3.** Ach amháin mar a fhéadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo (*ag Alt 6*), chun amhras a sheachaint, déantar na Fodhlíthe uile a dhéantar faoi alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú) agus dá bhun a chúlghairm leis seo.

6. **<u>Idirthréimhse</u>**

**6.1.** Tar éis thosú na bhFodhlíthe seo, aon Cheadúnas Corrthrádála bailí atá ann cheana agus a deonaíodh faoi aon Fhodhlíthe Corrthrádála roimhe sin (*arna dhéanamh de bhun alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú)*), sa mhéid a bhaineann an céanna le Limistéar Corrthrádála faoi na Fodhlíthe laistigh, measfar gur Ceadúnas Corrthrádála bailí é chun críoch na bhFodhlíthe laistigh ar feadh an chuid eile den tréimhse atá sonraithe sa Cheadúnas Corrthrádála sin atá ann cheana.

**6.2.** Tar éis thosú na bhFodhlíthe seo, aon Cheadúnas Corrthrádála bailí atá ann cheana agus a deonaíodh faoi aon Fhodhlíthe Corrthrádála roimhe sin (*arna dhéanamh de bhun alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (arna leasú)*), sa mhéid a bhaineann an céanna le Limistéar Corrthrádála nach ndéantar foráil maidir leis faoi na Fodhlíthe seo ach dá ndéantar foráil faoi na Fodhlíthe roimhe sin, leanfaidh sé de bheith bailí agus rialófar é leis na Fodhlíthe roimhe sin suas go héag an Cheadúnais Corrthrádála sin.

## 7. Léiriú

**7.1.** Sna Fodhlíthe seo, forordaítear na bríonna seo a leanas do na téarmaí seo a leanas:

ciallaíonn "Acht 1995" an tAcht Corr-Thrádála (arna leasú, lena n-áirítear arna leasú, *inter alia*, le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an tAcht Corrthrádála, 1995), 2018).

ciallaíonn "an Chomhairle" Ceantar Bardasach Mhuineacháin, agus oifigí Chomhairle Contae Mhuineacháin ag Oifigí an Chontae, an Gleann, Muineachán, i gContae Mhuineacháin.

ciallaíonn "Corrthrádáil" mar a mhínítear le halt 2 d'Acht 1995 earraí a dhíol ag áit (lena n-áirítear bóthar poiblí) ar a bhfuil rochtain ag an bpobal ó thaobh cirt nó aon áit eile ar Limistéar Corrthrádála é mar a mhínítear leis an Acht.

ciallaíonn "Ceadúnas Corrthrádála" ceadúnas arna dheonú ag an gComhairle faoi fhorálacha Acht 1995 agus na bhFodhlíthe seo.

ciallaíonn "Limistéar Corrthrádála" an talamh arna ainmniú leis na Fodhlíthe seo mar áit inar féidir Corrthrádáil a dhéanamh – agus an talamh sin laistigh de líne dhearg agus haitseáilte i nglas ar na léarscáileanna faoi iamh ag Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo.

ciallaíonn "Áit Trádála" aon spás amháin i Limistéar Corrthrádála nach mó ná achar de 50 méadar cearnach – agus an spás agus na spásanna sin uimhrithe agus haitseáilte i nglas ar an bplean nó ar na pleananna do na Limistéir Chorrthrádála atá ag Sceideal 2 a ghabhann leis seo.

ciallaíonn "Stainnín" aon stainnín nó both, bara, cairt rothaí nó inbhogtha nó feithicil eile (cibé acu de chineál inneallghluaiste

nó nach ea), nó stainnín nó gléas iompair a úsáid chun críoch Corrthrádála i Limistéar Corrthrádála.

ciallaíonn "Sealbhóir Ceadúnais" duine ar eisíodh Ceadúnas Corrthrádála chuige (lena n-áirítear seirbhísigh, gníomhairí, cúntóirí agus fostaithe an duine/an tSealbhóra Ceadúnais sin).

Áirítear le "hEarraí" na forálacha nó na tráchtearraí indíolta uile.

Tá an míniú sin gan dochar d'fhorálacha reachtanna nó ionstraimí a dhéantar faoi reacht nó aon dlíthe eile lena rialaítear earraí a bheith á ndíol ag duine fad atá an duine ina shealbhóir ceadúnais corrthrádála.

Áirítear le "díol", "Ag díol" nó "díolachán" toiliú tairiscint a dhéanamh rud a dhíol, rud a chur ar taispeáint lena dhíol, nó tairiscint a lorg le rud a cheannach.

ciallaíonn "Oifigeach Údaraithe" fostaí de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin nó duine eile a cheapann an Chomhairle chun críocha Acht 1995.

ciallaíonn "Rialacháin Foirmeacha" Rialacháin an Achta Corr-Thrádála, 1995 (Foirmeacha), 1996.

**7.2.** Mura n-éilítear a mhalairt sa chomhthéacs, le focal nó abairt a úsáidtear sna Fodhlíthe seo agus a úsáidtear freisin in Acht 1995, beidh an bhrí chéanna leis nó léi sna Fodhlíthe seo atá leis nó léi in Acht 1995.

## CUID 2

### 8. Ainmniú Limistéir nó Limistéar chun críoch Corrthrádála agus Áiteanna Trádála

**8.1.** Ainmníonn an Chomhairle leis seo gach ceann de na limistéir seo a leanas mar Limistéar Corrthrádála:

(i) Tá an limistéar suite ag Carrchlós Uachtair Theach na Cúirte – mar atá imlínithe i ndearg agus haitseáilte i nglas ar Léarscáil 1 de Sceideal 1 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

Áireofar na hÁiteanna Trádála sa limistéar sin agus tá siad marcáilte agus sainaitheanta le huimhir shannta ar Léarscáil 1 de Sceideal 1.

(ii) Tá an limistéar suite os comhair Theach na Cúirte ag Cearnóg na hEaglaise mar atá imlínithe agus haitseáilte i nglas ar Léarscáil 2 de Sceideal 1 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

Áireofar na hÁiteanna Trádála sa limistéar sin agus tá siad marcáilte agus sainaitheanta le huimhir shannta ar Léarscáil 2 de Sceideal 1.

### 9. Ceadúnas nó Ceadúnais Chorrthrádála le haghaidh Limistéir Chorrthrádála

**9.1.** Déanfaidh iarratasóir ar Cheadúnas Corrthrádála i leith Áit Trádála i Limistéar Corrthrádála an méid seo a leanas:

(i) An fhoirm iarratais a cheanglaítear a chomhlánú (*amhail de réir na Rialachán Foirmeacha*);

(ii) An doiciméadacht tacaíochta a cheanglaítear a chur isteach mar a shonraítear san fhoirm iarratais nó mar a cheanglóidh an Chomhairle chun an t-iarratas sin a phróiseáil;

(iii) Táille iomchuí an Cheadúnais Corrthrádála a íoc leis an gComhairle – rud a leagtar amach i Sceideal 2 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

(iv) Ní mór don Chomhairle an cineál earraí nó táirgí a dhíolann an Sealbhóir Ceadúnais a cheadú.

**9.2.** Ba cheart iarratas ar Cheadúnas Corrthrádála a dhéanamh an 30 Samhain nó roimh an 30 Samhain sa bhliain roimh an mbliain ar ina leith atá iarratas á dhéanamh ar an gCeadúnas Corrthrádála.

Cé gur féidir iarratais a dhéanamh tar éis an 30 Samhain, is féidir gurb é a thiocfaidh as sin, de réir an éilimh agus na hinfhaighteachta, go dtabharfar tosaíocht d'iarratais a dhéantar roimh an 30 Samhain – i gcomhréir leis na forálacha ró-éilimh a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo.

**9.3.** Leis an gCeadúnas Corrthrádála, sonrófar an Áit Trádála laistigh den Limistéar Corrthrádála lena mbaineann an Ceadúnas Corrthrádála.

**9.4.** Leis an gCeadúnas Corrthrádála, léireofar na hearraí a fhéadfar a dhíol agus ní fhéadfaidh an Sealbhóir Ceadúnais ach amháin na hearraí sin a thaispeántar ar an gCeadúnas Corrthrádála, agus ar íocadh an táille ceadúnais iomchuí lena n-aghaidh, a dhíol.

**9.5.** Faoi réir théarmaí sainráite an Cheadúnais Corrthrádála, ní fhéadfar Corrthrádáil a dhéanamh ach amháin in Áit Trádála ainmnithe ar na laethanta seo a leanas den tseachtain, le linn na n-uaireanta nó na n-amanna seo a leanas:

| **An limistéar suite ag Carrchlós Uachtair Theach na Cúirte (De réir Léarscáil 1, Sceideal 1)** | |
|---|---|
| **Lá** | **Uaireanta Corrthrádála** |
| Dé Luain | |
| Dé Máirt | |
| Dé Céadaoin | 18:00 – 01:30 an mhaidin dar gcionn |
| Déardaoin | 18:00 – 01:30 an mhaidin dar gcionn |
| Dé hAoine | 18:00 – 01:30 an mhaidin dar gcionn |
| Dé Sathairn | 18:00 – 01:30 an mhaidin dar gcionn |
| Dé Domhnaigh | 18:00 – 01:30 an mhaidin dar gcionn |

| **An limistéar suite os comhair Theach na Cúirte ag Cearnóg na hEaglaise (De réir Léarscáil 2, Sceideal 1)** | |
|---|---|
| **Lá** | **Uaireanta Corrthrádála** |
| Dé hAoine | 10:00 – 14:00 |

**9.6.** Ní thabharfaidh Sealbhóir Ceadúnais faoi Chorrthrádáil sa Limistéar Corrthrádála ach amháin ar na laethanta agus na hamanna a shonraítear sa Cheadúnas Corrthrádála agus i gcomhréir le téarmaí nó coinníollacha an Cheadúnais Corrthrádála sin.

9.7. Mura bhforáiltear go sainráite dó sin sa Cheadúnas Corrthrádála, beidh Ceadúnas Corrthrádála a dheonaítear i leith Áit Trádála i Limistéar Corrthrádála faoin gCuid seo faoi réir na bhForálacha Ginearálta i ndáil le Corrthrádáil a leagtar amach in Alt 11 de na Fodhlíthe seo.

## 10. Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais

**10.1.** Maidir le haon limistéar laistigh de Cheantar Bardasach Mhuineacháin, chun críoch teagmhais speisialta nó féile, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar Cheadúnas Corrthrádála Teagmhais.

**10.2.** Déanfar iarratas ar Cheadúnas Corrthrádála Teagmhais chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná 30 lá roimh an teagmhas.

**10.3.** Déanfaidh iarratasóir ar Cheadúnas Corrthrádála Teagmhais an méid seo a leanas:

(i) An fhoirm iarratais a cheanglaítear a chomhlánú (amhail de réir na Rialachán Foirmeacha).

(ii) An doiciméadacht tacaíochta a cheanglaítear a chur isteach mar a shonraítear amhlaidh san fhoirm iarratais nó mar a cheanglóidh an Chomhairle chun an t-iarratas sin a phróiseáil.

(iii) Táille iomchuí an Cheadúnais a íoc leis an gComhairle – rud a leagtar amach i Sceideal 2 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

(iv) Ní mór don Chomhairle an cineál earraí nó táirgí a dhíolann an Sealbhóir Ceadúnais ar Cheadúnas Corrthrádála Teagmhais a cheadú.

**10.4.** Leis an gCeadúnas Corrthrádála Teagmhais, sonrófar an limistéar lena mbaineann sé.

**10.5.** Leis an gCeadúnas Corrthrádála Teagmhais, sonrófar an t-am nó na hamanna, an lá nó na laethanta agus an suíomh nó na suíomhanna ar ina leith a cheadófar an teagmhas speisialta nó an fhéile a oibriú sa limistéar sonraithe – agus beidh an t-am nó na hamanna, an lá nó na laethanta agus an suíomh nó na suíomhanna sin le comhaontú ag an

gComhairle agus le clárú sa Cheadúnas Corrthrádála Teagmhais.

**10.6.** Leis an gCeadúnas Corrthrádála Teagmhais, léireofar

na hearraí a fhéadfar a dhíol agus ní fhéadfaidh an Sealbhóir Ceadúnais ach amháin na hearraí sin a thaispeántar ar an gCeadúnas sin, agus ar íocadh an táille ceadúnais iomchuí lena n-aghaidh, a dhíol.

**10.7.** Mura rachfar ar aghaidh leis an teagmhas lena mbaineann an Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais nó má dhiúltaítear an Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais, aisíocfaidh an Chomhairle an táille iarratais a íocadh.

**10.8.** Mura bhforáiltear go sainráite dó sin sa Cheadúnas Corrthrádála Teagmhais, beidh Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais a dheonaítear faoin Alt seo faoi réir na bhForálacha Ginearálta a leagtar amach in Alt 11 de na Fodhlíthe.

## 11. Forálacha Ginearálta i ndáil le Corrthrádáil

**11.1.** Ní dhéanfar Corrthrádáil ach amháin in Áiteanna Trádála i Limistéar Corrthrádála de bhun Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais bailí, nó de bhun téarmaí Ceadúnais Corrthrádála bhailí, a eisítear i gcomhréir leis na Fodhlíthe seo.

**11.2.** Maidir le duine a dhéanann iarratas chuig an gComhairle ar Cheadúnas Corrthrádála nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais, ní mór dó nó di an táille iomchuí a íoc leis an gComhairle sula dtosaítear Corrthrádáil. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun an táille d’oibreoirí seachbhrabúsacha a leasú nó a tharscaoileadh (lena n-áirítear carthanachtaí).

**11.3.** Cuirfidh duine a thugann faoi Chorrthrádáil i Limistéar Corrthrádála an Ceadúnas Corrthrádála (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh) ar taispeáint i suíomh a fhágfaidh go mbeidh sé sofheicthe agus soléite do dhaoine den phobal ag an Limistéar Corrthrádála agus ag an Áit Trádála.

**11.4.** Ní fhéadfaidh an Sealbhóir Ceadúnais Ceadúnas Corrthrádála (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh) a fháil ar cíos nó a dhíol nó a aistriú.

**11.5.** Beidh Sealbhóir Ceadúnais freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh a gcuid seirbhíseach, gníomhairí, cúntóirí agus

fostaithe na Fodhlíthe seo.

**11.6.** Maidir le Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh), ní bhainfidh ach amháin an Sealbhóir Ceadúnais chuig ar eisíodh é úsáid as.

**11.7.** Ní úsáidfidh Sealbhóir Ceadúnais, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go n-úsáidfear, chun críche Corrthrádála i Limistéar Corrthrádála aon stainnín atá de réir toisí lena sáraítear toisí Áite Trádála.

**11.8.** Trí Áit Trádála a leithdháileadh, ní thabharfar aon tionóntacht ná ceart don Sealbhóir Ceadúnais chun an Áit Trádála sin a áitiú nó a aistriú.

**11.9.** Ní áiteoidh Sealbhóir Ceadúnais, a thugann faoi Chorrthrádáil sa Limistéar Corrthrádála, ach amháin an Áit Trádála a leithdháiltear air nó uirthi i gcomhréir le téarmaí an Cheadúnais Corrthrádála (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh) a eisítear chuige nó chuici, agus sainaithneofar an Áit Trádála sin trí thuairisc sa Cheadúnas Corrthrádála a eisítear chuige nó chuici.

**11.10.** Comhlíonfaidh Sealbhóir Ceadúnais a thugann faoi Chorrthrádáil laistigh den Limistéar Corrthrádála aon ordachán dleathach a thugann an Chomhairle, Oifigeach Údaraithe dá cuid, nó aon chomhalta den Gharda Síochána i ndáil leis an gCorrthrádáil atá á déanamh.

**11.11.** Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun Áit Trádála a ath-leithdháileadh sa Limistéar Corrthrádála ar lá trádála ar leith i gcás ina mbeidh an Sealbhóir Ceadúnais rialta as láthair.

**11.12.** Maidir le duine a thugann faoi Chorrthrádáil laistigh den Limistéar Corrthrádála, déanfaidh sé nó sí, ar éileamh, a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a sholáthar agus Ceadúnas Corrthrádála a thabhairt ar aird láithreach (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh) d'Oifigeach Údaraithe den Chomhairle nó do chomhalta den Gharda Síochána má iarrtar amhlaidh.

**11.13.** Ní pháirceálfar aon fheithicil, seachas feithicil atá á húsáid mar stainnín corrthrádála, sa Limistéar Corrthrádála le linn na tréimhse aon lá a dhéantar Corrthrádáil. Féadfaidh Sealbhóir Ceadúnais feithiclí a thabhairt ar an Limistéar Corrthrádála chun earraí a luchtú nó a dhíluchtú agus/nó stainnín a chur ar bun nó a dhíchóimeáil, ach ní mór dó nó di feithiclí a bhaint den Limistéar Corrthrádála fad atá

an trádáil ar siúl.

**11.14.** Maidir le Sealbhóir Ceadúnais atá i gceannas ar stainnín in Áit Trádála, ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go mbeidh aon earraí ag gobadh amach os cionn thaobhanna an stainnín ná ní chuirfidh sé nó sí, nó ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go gcuirfear, aon earraí nó baill ar an mbóthar, ar an tsráid, ar an gcosán nó ar aon talamh seachas sa chuid den tsráid, den bhóthar, den chosán nó den talamh atá díreach faoin stainnín sin agus, i gcás earraí nó ball, i gclúdach nó gabhdán oiriúnach.

**11.15.** Ní dhíolfaidh an Sealbhóir Ceadúnais aon earraí sa Limistéar Corrthrádála seachas na cinn a shonraítear sa Cheadúnas Corrthrádála.

**11.16.** Ní mór do Shealbhóir Ceadúnais na stainníní agus na baill uile eile a bhaint den Áit Corrthrádála agus den Limistéar Corrthrádála tar éis na n-uaireanta trádála a shonraítear ar an gCeadúnas Corrthrádála (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh). Bainfear gach stainnín, ball agus earra eile den sórt sin tráth nach déanaí ná uair an chloig tar éis scor den trádáil aon lá ar leith.

**11.17.** Ní cheadófar do Shealbhóir Ceadúnais atá ag trádáil i Limistéar Corrthrádála callaire ná córas fógartha poiblí a úsáid agus staonfaidh sé nó sí de núis nó cur isteach a chruthú.

**11.18.** Áiritheoidh Sealbhóir Ceadúnais nach gcruthaítear aon bhac ná nach gceadaítear aon bhac a chur ar úinéirí nó áititheoirí áitribh ná ar a dtochraithe i gcomharsanacht an Limistéir nó na Limistéar Corrthrádála.

**11.19.** Forchoimeádann an Chomhairle an ceart stainníní, earraí nó baill a aimsítear ar an Limistéar nó ar na Limistéir Chorrthrádála tar éis uaireanta trádála, agus/nó earraí nó baill eile a fhágtar lasmuigh den Áit Trádála aon tráth, a bhaint agus ní ghlacann an Chomhairle le haon dliteanas as aon chaillteanas nó damáiste a thagann as sin. Aon chostais a thabhaíonn an Chomhairle agus an stainnín nó na stainníní, na hearraí nó na baill sin á bhaint nó á mbaint, beidh siad inghnóthaithe ag an gComhairle ón Sealbhóir Ceadúnais mar fhiach conartha shimplí.

**11.20.** Ní chuirfidh aon Sealbhóir Ceadúnais ná aon duine eile isteach ná bac ar aon Oifigeach Údaraithe, oifigeach, seirbhíseach nó gníomhaire eile de chuid na Comhairle atá ag tabhairt faoi aon

oibreacha cothabhála a dhéanamh ar aon chuid den Limistéar Corrthrádála, fiú amháin i gcás ina ndéantar an obair sin le linn uaireanta trádála.

**11.21.** Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon mhaoin ar le haon duine í agus a chuirtear in aon áit nó a fhágtar in aon chuid den Limistéar Corrthrádála, ná ní bheidh sí freagrach as aon chaillteanas, damáiste nó díobháil a chruthaítear de dheasca fhaillí aon sealbhóra ceadúnais nó ghníomhairí, fhostaithe nó chustaiméirí an tsealbhóra sin.

**11.22.** Féadfaidh an Chomhairle níos mó ná Ceadúnas Corrthrádála amháin a dheonú i leith áit trádála amháin laistigh de Limistéar Corrthrádála, ar choinníoll nach dtiocfaidh aon choinbhleacht chun cinn i ndáil le téarmaí an chéanna.

**11.23.** Maidir le heisiúint Ceadúnais Corrthrádála (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhais de réir mar a bheidh) le haghaidh Áit Trádála, féadfar sin a chur ar fionraí go sealadach le hordú feidhmiúcháin chun éascaíocht a dhéanamh do bhóthar, cosán nó bonneagar eile a thógáil/a fhorbairt/a chothabháil ar an Limistéar Corrthrádála nó ar shuíomhanna tadhlacha nó ar chúiseanna oibríochtúla eile.

**11.24.** Slánóidh Sealbhóir Ceadúnais an Chomhairle ar gach gníomh, maíomh agus éileamh de shaghas ar bith arna dhéanamh ag aon duine a éilíonn damáistí i leith díobhálacha, caillteanais nó damáiste pearsanta a chruthaítear le haon ghníomh, faillí nó mainneachtain de chuid an tSealbhóra Ceadúnais sin, nó sheirbhísigh, ghníomhairí nó fhostaithe an tSealbhóra sin le linn an Chorrthrádáil sin a dhéanamh i limistéar Corrthrádála agus ina leith sin. Ceanglóidh an Chomhairle ar gach Sealbhóir Ceadúnais árachas dliteanais phoiblí iomchuí a chur i bhfeidhm gach tráth, lena ndéantar árachú in aghaidh na rioscaí réamhráite i suim atá le sonrú ag an gComhairle. Ní mór leas na Comhairle a nótáil ar éadan an pholasaí árachais sin agus más rud é, aon tráth, a cheadaítear dul in éag an pholasaí sin nó é a chur ar neamhní, beidh saorchead ag an gComhairle an Ceadúnas Corrthrádála a chúlghairm láithreach.

**11.25.** Cuirfidh an Sealbhóir Ceadúnais isteach cóip den pholasaí árachais reatha atá ina sheilbh nó ina seilbh sula ndeonaítear Ceadúnas Corrthrádála.

**11.26.** Ní bheidh aon cheart nó teidlíocht ag seirbhísigh, gníomhairí,

cúntóirí, fostaithe agus/nó daoine de theaghlach an tSealbhóra Ceadúnais teacht i gcomharbas ar Limistéar Corrthrádála.

**11.27.** Beidh freagracht ar gach Sealbhóir Ceadúnais a áirithiú, i dteannta théarmaí agus choinníollacha a Cheadúnais nó a Ceadúnais Saorthrádála, i leith na n-earraí atá á ndíol agus na corrthrádála atá ag tarlú, go gcomhlíonfar aon agus gach foráil de reachtanna nó ionstraimí a dhéantar faoi reacht nó d'aon dlíthe eile lena rialaítear earraí a bheith á ndíol ag duine fad atá an duine ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar cheadúnas corrthrádála.

**11.28.** Féadfaidh Sealbhóir Ceadúnais a Cheadúnas nó a Ceadúnas Corrthrádála a ghéilleadh don Chomhairle roimh dhul in éag na tréimhse Ceadúnais. Ní mór do Shealbhóir Ceadúnais ar mian leis nó léi a Cheadúnas nó a Ceadúnas a ghéilleadh fógra míosa ar a laghad a thabhairt don Chomhairle. Féadfaidh duine a ghéilleann Ceadúnas Corrthrádála aisíocaíocht a fháil ar an gcuid sin den táille Cheadúnais atá comhionann le téarma an cheadúnais nach bhfuil caite, faoi réir aisíocaíocht uasta 50% den táille Cheadúnais iomlán. I gcás ina ngéillfear Ceadúnas Corrthrádála, féadfaidh an Chomhairle Ceadúnas nua a eisiúint go ceann an téarma den Cheadúnas a géilleadh agus nach bhfuil caite.

## 12. Ró-éileamh ar Cheadúnas Corrthrádála

**12.1.** Ag féachaint don mhian chun Limistéar Corrthrádála inmharthana a áirithiú, lena spreagtar trádálaithe agus táirgí nua a chuirtear leis na trádálaithe agus na gnólachtaí baile atá ann cheana, i gcás inarb ann do ró-éileamh ar Cheadúnais Chorrthrádála le haghaidh Limistéar Corrthrádála, is féidir go mbeidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas san ord seo (*de réir an leibhéil éilimh*):

(a) Tabharfar tosaíocht do na trádálaithe sin, lena n-áirítear na trádálaithe atá ann cheana, a dhéanann iarratas an 30 Samhain, nó roimhe sin, ar Cheadúnas Corrthrádála don bhliain atá le teacht;

(b) Tabharfar tosaíocht do thrádálaithe a dhíolann torthaí agus glasraí úra;

(c) Tabharfar tosaíocht do leibhéal leordhóthanach a áirithiú i leith earraí a dhíoltar sa Limistéar Corrthrádála chun inmharthanacht an chéanna a áirithiú;

(d) Áiteanna Trádála a leithdháileadh trína gcur ar chrainn.

## 13. Cúlghairm Ceadúnais Corrthrádála

**13.1.** Féadfar Ceadúnas Corrthrádála (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhas de réir mar a bheidh) a chúlghairm aon tráth más rud é gur sáraíodh aon téarma/coinníoll de chuid an Cheadúnais Corrthrádála sin nó go bhfuil sé á shárú nó go sárófar é.

**13.2.** Roimh chinneadh a dhéanamh Ceadúnas Corrthrádála a chúlghairm (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhas de réir mar a bheidh), soláthróidh an Chomhairle fógra scríofa 21 lá don Sealbhóir Ceadúnais lena leagtar amach rún na Comhairle déanamh amhlaidh agus na cúiseanna leis sin.

**13.3.** Féadfaidh an Sealbhóir Ceadúnais uiríll scríofa a chur faoi bhráid na Comhairle laistigh den tréimhse fógra 21 lá sin, agus tabharfaidh an Chomhairle aird orthu le linn cinneadh a dhéanamh Ceadúnas Corrthrádála a chúlghairm (nó Ceadúnas Corrthrádála Teagmhas de réir mar a bheidh).

**13.4.** Ni bheidh táille Corrthrádála in-aisíoctha i gcás ina gcúlghairfear Ceadúnas.

## 14. Bruscar

**14.1.** Coimeádfaidh Sealbhóir Ceadúnais atá ag tabhairt faoi chorrthrádáil a Áit nó a hÁit Trádála agus an Limistéar Corrthrádála glan agus néata.

**14.2.** Ní mór don Sealbhóir Ceadúnais gabhdán oiriúnach le haghaidh bruscair, rud a chomhaontaíonn an Chomhairle, a sholáthar agus ní mór é a choimeád gach tráth trádála laistigh den áit trádála.

**14.3.** Ní cheadaítear bruscar a charnadh i gcomharsanacht na hÁite Trádála le linn uaireanta corrthrádála agus i ndeireadh gach lae trádála, ní mór an Áit Trádála a ghlanadh suas agus ní mór don Sealbhóir Ceadúnais an bruscar uile a bhaint agus a dhiúscairt i gceart.

**14.4.** Beidh gach Sealbhóir Ceadúnais freagrach as an dramhaíl uile a eascraíonn as a chuid nó a cuid trádála agus gníomhaíochtaí gaolmhara a bhainistiú agus déanfaidh sé nó sí an dramhaíl uile a

ghintear a bhaint dá ghnólacht nó dá gnólacht nó dá thrádáil nó dá trádáil. Déanfar an dramhaíl uile a bhaineann trádálaithe den Limistéar Corrthrádála a dhiúscairt ar bhealach lena gcomhlíontar na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola. Aon Sealbhóir Ceadúnais ar suíodh gur sháraigh sé nó sí an Fodhlí seo, dlífear é nó í a ionchúiseamh faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar agus dlífear a Cheadúnas nó a Ceadúnas Corrthrádála a chúlghairm.

**14.5.** Gach Sealbhóir Ceadúnais a dhíolann bia nó deoch lena ithe nó lena hól láithreach, comhlíonfaidh sé nó sí alt 15 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 sa mhéid go soláthrófar gabhdáin dramhaíola oiriúnacha chun cruthú bruscair a chosc, agus áiritheoidh an trádálaí go ndéanfar aon bhruscar a chruthaítear le hoibriú an asraoin a bhaint den chomharsanacht laistigh d'achar ama réasúnach.

## 15. <u>Cionta agus Pionóis</u>

**15.1.** Aon duine nó daoine atá ciontach i gcion faoin Acht, dlífear, ar é nó í a chiontú, na pionóis a leagtar amach in alt 14 d'Acht 1995 a chur air nó uirthi nó orthu.

**15.2.** Cion is ea é na Fodhlíthe seo a shárú.

**15.3.** Má sháraíonn duine coinníollacha Ceadúnais Corrthrádála, cion is ea é sin.

**Arna ndéanamh agus arna nglacadh faoi Ghnáthshéala Chomhairle Contae Mhuineacháin, Ceantar Bardasach Mhuineacháin an 16ú lá seo de Mheitheamh 2025**

__________________________________

**Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh**

__________________________________

**Stiúrthóir Seirbhísí**

__________________________________

**Comhordaitheoir an Cheantair Bhardasaigh**


<u>**Sceideal 1**</u>

<u>**Limistéar nó Limistéir Chorrthrádála agus Léarscáileanna Áiteanna Trádála Gaolmhara**</u>

## Léarscáil 1 – Carrchlós Uachtair Theach na Cúirte




## Léarscáil 2 – Cearnóg na hEaglaise



## Sceideal 2
## Táillí Ceadúnais Corrthrádála

| **Limistéir Chorrthrádála suite ag Carrchlóis Uachtair Theach na Cúirte – lonnaithe ar chúl Theach na Cúirte, baile fearainn Rúscaí, Muineachán (mar a mhínítear ar bhealaí níos sonraí le hAlt 8.1(i) de na Fodhlíthe seo) Táille an Cheadúnais Corrthrádála** | |
|---|---|
| Ceadúnas a eisítear ar feadh 2 lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine. In aghaidh na Bliana | €2,000.00 |
| Ceadúnas a eisítear ar feadh 2 lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine. In aghaidh tréimhse 3 mhí | €500.00 |
| Ceadúnas a eisítear ar feadh lá amháin In aghaidh na Seachtaine In aghaidh na Bliana | €1,500.00 |
| Ceadúnas a eisítear ar feadh lá amháin In aghaidh na Seachtaine In aghaidh tréimhse 3 mhí | €375.00 |

| **Limistéir Chorrthrádála suite os comhair Theach na Cúirte ag Cearnóg na hEaglaise, Baile Fearainn Rúscaí, Muineachán – ar a dtugtar Margadh Feirmeoirí Mhuineacháin (mar a mhínítear ar bhealaí níos sonraí le hAlt 8.1(ii) de na Fodhlíthe seo) Táille an Cheadúnais Corrthrádála** | |
|---|---|
| In aghaidh na Bliana | €200.00 |

| **Táillí an Cheadúnais Teagmhais Corrthrádála** | |
|---|---|
| In aghaidh an Lae | €100.00 |